

BEAN INA HAONAR AR AN OILEÁN

Chaith mo mháthair oidhche ar Oileán Mhic Dara. Sé an t-ughdar ar chaith sí an oidhche ar an oileán, bhí gealltanais ag Tom Labhráis í féin agus bean eile a chur go Cruach na Cara a' baint chreathnaigh in áit a raibh gnatha i gCloch na Rón aige. Cheap sí go gcuirfeadh sé i dtír iad. Badh é a bhealach a dhul siar thar an oileán agus go dtógfadh sé iad a' tigheacht ar ais dó. An comrádaidhe a bhí ag mo mháthair níor fhéad sí a dhul ann. Dubhairt sise go ngabhfaidh sí féin ann, nach bhfaca sí mórán lá ariamh nach mbeadh aon duine eicint ar na bailteacha ag baint chreathnaighe ann. Chuir Tom Labhráis i dtír í agus ghabh sé féin ina bhealach go Cloch na Rón. Bhí tuilleadh ban ar an oileán a' baint chreathnaighe agus nuair a bhí an tráigh caithte bhí chuile dhuine a' dhul abhaile. Gheobhfaidh sise bealach in éinfheacht leob ach go gcaithfeadh sí an chreathnach a iomchur dhá mhíle. "Fanfaidh mé leis a' bhfear" adeir sí ina hinntinn féin, "a d'fhág annseo mé", mar bhí sé geallta aige thigheacht dá tógáil aríst. Bhí an tráthnóna a' tigheacht agus ní fhaca sí aon chosmhalacht le aon bhád nó go raibh bunáite an oidhche tuitthe.

Sin é an t-am a bhfaca sí Tom Labhráis a' tigheacht anuas le Ceann Mása agus dubhairt sí ina hinntinn féin nach raibh aon chosmhalacht go raibh sé a' tigheacht dá tógáil. "Is dóchaigh" adeir sí "gur óltach atá tú féin agus an fear atá in éindigh leat nach gcuimhnigheann sé go raibh mo leithéid ariamh ann". Bhí fhios ag an bhfear go rabh, ach shíl sé go rabh sí gaibhte amach i gceann de na báid agus nach rabh sí a' fanacht leis.

"Tá droch-bheart déanta againn" adeir an bádóir a bhí in éinfheacht leis "má tá an bhean fágtha ar Oileán Mhic Dara anocht againn." "Nach bhfuil fhios a'd", adeir Tom Labhráis, "bean a rabh muinntir a fir ag obair istigh ar an oileán nár leig sí an oidhche uirthé féin a' fanacht linn-ne".

Nuair a tháinig an bád i dtír bhí m'athair ag a' gcaladh agus chonaic sé nach rabh mo mháthair innte. D'fíafraigh sé a raibh aon tuairisg acab uirthé. "Níl" adeir Tom Labhráis "ach nach bhfuil fhios a'd go dtáinig sí amach i mbád ar an Aird Thiar".

D'imthigh le m'athair go mbeadh fhios aige a dtáinig sí. Oidhche ghearr sa samhradh a bhí ann agus níor stop sé gur shiubhail sé don Aird agus na tightheadha ar cheap sé i bheith. Dhúisigh sé iad agus é i maidneachan lae. Ní rabh aon tuairisg ag aon duine acab uirthé. Sháthadar bád. Bhí an taoille íseal agus chuaidh ceathrar acab go hOileán Mhic Dara agus níor leig an faitchíos dom' athair ghul aníos ar fhaitchíos gur cailte a bheadh sí roimhe go dtáinig duine eile le sgéala chuige. Siad na fir eile a shiubail suas an t-oileán. Dubhradar gur go dtí an séipéal ba cheart dóibh dhul ar dtús. Cheapadar siúrálta dá mbeadh sí beo gur ann a gheobhfaidís í. Bhí sí annsin ina suidhe ag binn a' teampuill ins an áit a gceapann chuile

fhear gur ann atá Mac Dara curtha. D'aithnigh sí iad ar an bpointe agus dubhairt sí leo nach rabh fuacht ná ocras ná faitchíos uirthé.

"Bhí mé ag rá m'urnaighthe" adeir sí "ach ní tháinig aon chodladh chor ar bith orm. Bhí fhios a'm nach rabh aon bhaoghal orm de thada mar bhí muinghin as an naomh agam a bhí ina chomhnaidhe ar an oileán".

Shiubhail sí síos 'un a' bháid i n-éindigh leob agus spáineann sí mála mór a bhí pacáilte le creathnach aice. Thugadar í féin agus a' chreathnach leob go dtugadar isteach don Aird Thiar í agus go bhfuair sí béile go ndeacha sí féin agus a fear abhaile go Roisín a' tSamha. Ní raibh an ghrian a bhfad eirighthe nuair a tháinigadar. Bríghid Shíomáin a bhí uirthé(Ní Mhaoilchiaráin).